

Tuairisc ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) ar ghníomhartha i bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 - 2022 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS)

Gníomhartha Ábhartha RLGÓ

Colún Tacaíochta 1:

Spríoc: Struchtúr an tsoláthair oideachais a láidriú

Tuairisc ón RLGÓ:

- Ní dhéanann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige tacaíochtaí a dhíriú go sonrach ar sheirbhísí LFC (Luathfhoghlaim agus Cúram) i gceantair Ghaeltachta, agus ní dhéanann an Roinn 'idirdealú dearfach' ar son soláthar Gaeilge. Tá go leor tacaíochtaí ar fáil agus cuirtear ar fáil iad do gach seirbhís luathbhlianta agus naíonra, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht.
- Na spríocanna atá dírithe go sonrach ar cheantair Ghaeltachta, tá siad faoi chúram na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RCOG).
- Chuaigh RLGÓ i mbun plé le RCOG agus ROS araon chun sraith chuimsitheach de ghníomhartha a aontú agus cuirfear i bhfeidhm iad faoin bPlean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2018-2022.
- Baineann cuid thábhachtach den phlean gníomhaíochta leis na luathbhlianta, agus gheall RLGÓ go gcuirfí réimse gníomhartha i bhfeidhm lasmuigh den Ghaeltacht maidir leis sin mar aitheantas don ról tábhachtach gur féidir suíomhanna luathbhlianta a bheith acu in inniúlacht Gaeilge a chothú agus an Ghaeilge a athneartú. Is é is cuspóir na ngníomhartha seo ná cur leis na bearta, tacaíochtaí agus comhpháirtíochtaí atá ann cheana féin in oideachas na luathbhlianta trí mheán na Gaeilge agus tuilleadh feabhais a chur ar thacaíochtaí agus seirbhísí. Is é an cuspóir foriomlán atá ann ná bearnaí a aithint agus tuilleadh feabhais a chur ar thacaíochtaí agus seirbhísí ar bhonn comhoibríoch trí úsáid a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil.
- Tá Grúpa Náisiúnta Maoirseachta bunaithe ag an RLGÓ chun dul chun cinn a mheas in aghaidh an Phlean Gníomhaíochta 5 Bliana mar a bhaineann sé go sonrach le LFC. Tionóladh an grúpa sin cheana féin agus tá na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad ar an ngrúpa. Bhí an chéad chruinniú i mí Feabhra 2019. Tá na Téarmaí Tagartha comhaontaithe. Tiocfaidh an grúpa le chéile ar bhonn ráithiúil. Tá tuilleadh cruinnithe sceidealaithe do 2019.
- Tá dhá ghníomh sna Chéad 5, an Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh, atá dírithe go sonrach ar thacú le forbairt na Gaeilge in earnáil na luathbhlianta. Seo iad:
 - Bearta a thabhairt isteach chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag páistí sna Gaeltachtaí ar sholáthar LFC trí mheán na Gaeilge (beidh RCOG i gceannas ar an ngníomh seo)

- Meicníochtaí a fhorbairt chun tacaíochtaí Ghaeilge a chur ar fáil do sholáthar LFC nuair atá sciar ard leanaí ag foghlaim trí mheán na Gaeilge (beidh RLGÓ i gceannas ar an ngníomh seo)

I mí na Bealtaine 2019, foilsíodh plean um chur i bhfeidhm maidir le gníomhartha na Straitéise.

Colún Tacaíochta 6:

Spríoc: Soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú

Tuairisc ón RLGÓ:

- In 2018, cuireadh tús le cur chuige náisiúnta d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) in earnáil na Luathfhoghlama agus Cúraim (LFC). Rinneadh sin trí Aonad Foghlamtha agus Forbartha a fhorbairt in Better Start. Cé go bhfuil LFC ag fás go tapa, ní raibh ceanglas íosta cáilíochta don earnáil go dtí 2017. Tá an ghairm beatha seo fós ag forbairt agus, murab ionann agus gairmeacha eile, níl sé de bhuntáiste ag an ngairm comhlacht proifisiúnta a bheith aici, comhlacht a d'fhéadfadh treoir a thabhairt maidir le coinníollacha agus réamhriachtanais CPD, agus níl gá lena leithéid go fóill.
- Faoi láthair, tá oiliúint maidir le cosaint leanaí agus ilghnéitheacht ar fáil i nGaeilge agus déanann RLGÓ an oiliúint sin a mhaoiniú. Cuireann Comhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG) oiliúint faoi chlár na Roinne maidir le Comhionannas, Ilghnéitheacht agus Ionchuimsitheacht (EDI) ar fáil trí mheán na Gaeilge chomh maith le bunoiúint maidir le Tús Áite do Leanaí, mar chuid de phlean náisiúnta LFC um Chur i bhFeidhm Thús Áite do Leanaí. Tá sé aontaithe ag Tusla an modúl ríomhfhoghlamtha do Thús Áite do Leanaí a chur ar fáil i nGaeilge. Tá acmhainní a bhaineann le hAistear ar fáil i nGaeilge ar shuíomh gréasáin NCCA.
- Déanann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (nó QQI) cláir bhreisoideachais d'earnáil na luathbhlianta in Éirinn a bhronnadh ag leibhéal 5 nó 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (nó NFQ). Cuireann Institiúidí Ardoideachais cláir chéime ar fáil ag leibhéal 7 nó 8 ar an NFQ (cláir chéime ar ghnáthleibhéal agus ardleibhéal faoi seach).
- Tá 8 modúl i gceist leis an mórdámhachtain QQI i gCúram agus Oideachas na Luathbhlianta (NQF leibhéal), le 4 chroí-mhodúl atá éigeantach. Is miondámhachtain é gach modúl ann féin. Is féidir le foghlaimoirí rogha a dhéanamh ó suas le 14 mhodúl chun an mórdámhachtain ar fad a dhéanamh, agus is é "Gaeilge do Sheirbhísí Réamhscoile" ar cheann amháin dóibh siúd.
- Faoi láthair, tá infhaighteacht an-teoranta ar an miondámhachtain leibhéal 5 'Gaeilge do Sheirbhísí Réamhscoile', agus mar sin d'fhéadfadh costais sa bhreis a thabhtú chun infhaighteacht ar an gclár foghlamtha seo a mhéadú. D'fhéadfadh inní a bheith ann maidir le caighdeán an chláir dá ndéanfar an soláthar a mhéadú go tapa. Bheadh gá le comhordú le soláthróirí oideachais agus bheadh am fada de dhíth le haghaidh ullmhúchán.

- Faoi láthair, ní fios an costas a bhaineann le clár foghlamtha ar leith i nGaeilge agus tumoideachas do mhic léinn ar cháir chéime (dámhachtainí ag Leibhéal 7 agus Leibhéal 8 ar an NFQ) faoi Oideachas agus Cúram na Luath-Óige (nó ECEC). Bheadh gá le comhairliúchán forleathan leis na soláthróirí oideachais. Chomh maith leis sin, níl figiúirí reatha ag an Roinn maidir le líon na mac léinn atá ar chláir chéime ECEC.
- Rogha eile atá ann ná cláir fhoghlamtha eile a bhaineann le teanga agus cultúir na Gaeilge a chur in oiriúint d'earnáil na luathbhlianta. Tá seans maith ann go mbeidh fadhbanna maidir le hinfhaighteacht cúrsaí, caighdeán soláthair agus an gá le cláir a chur in oiriúint d'earnáil na Luathfhoghlamtha agus Cúraim.
- Tarlóidh na forbairtí thuas ar fad i gcomhthéacs na Chéad 5, Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlach (2019-2028). Aithnítear sna Chéad 5 go bhfuil an fórsa oibre i gcroílár na ngníomhartha chun caighdeán na seirbhíse do leanaí a fheabhsú agus, mar gheall air sin, tá Plean Forbartha Fhórsa Oibre á chur i gcrích faoi láthair. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha don phlean agus bhí an chéad chruinniú ag an ngrúpa seo le déanaí. Cuirfear roinnt gníomhartha i bhfeidhm le linn Céim 1, lena n-áirítear an méid seo a leanas: fis ar ardleibhéal a ullmhú don fhórsa oibre, réamhaisnéis maidir le scileanna a chur i gcrích, cinntí a dhéanamh maidir le ról ghairme agus aontú ar na téarmaí tagartha don bhallraíocht grúpaí oibre chun pleananna mionsonraithe um chur i bhfeidhm a chur chun cinn i réimsí tábhachtacha de fhorbairt fórsa oibre. Tógfaidh an Chéim seo thart faoi 12 mhí. I gCéim 2 den phróiseas seo, cuirfear na pleananna um chur i bhfeidhm i gcrích. Is éard atá i gceann amháin de na pleananna sin um chur i bhfeidhm ná infreastruchtúr CPD a fhorbairt. Bainfidh cuid den phlean sin le riachtanais oiliúna na seirbhísí Gaeilge a chomhlíonadh agus cúrsaí CPD i nGaeilge a fhorbairt.

Gníomh: Soláthar na seirbhísí cigireachta trí mheán na Gaeilge i naíonraí a neartú

Tuairisc ón RLGÓ:

- Ní hé an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a dhéanann cigireacht go díreach ar sheirbhísí LFC.
- Déanann Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, cigireacht i leith na Rialachán faoin Acht um Chúram Leanaí (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016, agus déanann an Roinn Oideachais agus Scileanna cigireacht i leith an chláir Cúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE).